Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Nollaig 2017
(OR. fr)

15138/17

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0207 (COD)**

**CODEC 1956**
**CORLX 560**
**CFSP/PESC 1089**
**DEVGEN 284**
**FIN 813**
**ACP 137**
**CADREFIN 122**
**CODUN 53**
**CIVCOM 244**
**POLMIL 161**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus leis an tsíocháin **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 6 Iúil 2016, chuir an Coimisiún togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 209(1) CFAE agus ar Airteagal 212(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 30 Samhain 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

[1] 11037/16.
[2] 15061/17.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go gcomhaontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 54/17 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar aon leis an ngníomh reachtach.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.